

# Nuair a Bhí an Chlann Breoite

**I rith an gheimhridh** bhí an **fliú** ar an gclann. Bhí Daidí **ag casacht** agus d'fhan sé sa leaba. Bhí **fiabhras** ar Liam agus bhí sé **ag cur allais.** Bhí **tinneas cluaise** ar Úna agus bhí sí ag caoineadh i rith na hoíche. Bhí Mamaí an-ghnóthach ag dul ó sheomra go seomra ag tabhairt aire dóibh go léir. Chuir Mamaí fios ar an dochtúir. Nuair a tháinig sé chuaigh sé go dtí seomra Dhaidí ar dtús. Ansin tháinig sé isteach i seomra Liam. D'oscail sé **mála an dochtúra** agus thóg sé amach an **teirmiméadar.** Thóg sé **teocht a choirp** agus dúirt sé go raibh sé ard go maith. Ansin isteach leis chun Úna a fheiceáil. D'fhéach sé isteach ina cluais. Dúirt sé leo go léir fanacht sa leaba go ceann cúpla lá. Chuaigh Mamaí go dtí an **poitigéir.** Fuair sí piollaí agus **buidéil leighis** uaidh. Ghlac siad na piollaí agus an **deoch leighis** dhá uair sa lá. Tháinig **biseach** orthu **diaidh ar ndiaidh.**

**Foclóir:**
**fiabhras,** fever
**teirmiméadar,** thermometer
**teocht,** temperature
**poitigéir,** chemist
**biseach,** improvement

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cathain a bhí an fliú ar an gclann?
   — i rith an gheimhridh.
   — le linn na Nollag.
   — le linn na Cásca.

2. Cad a bhí ar Úna?
   — tinneas fiacaile.
   — tinneas cinn.
   — tinneas cluaise.

3. Céard a rinne an dochtúir leis an teirmiméadar?
   — Scríobh sé ar pháipéar leis.
   — Thóg sé teocht coirp Liam leis.
   — Chuir sé isteach ina mhála é.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. I rith an gheimhridh bhí an — ar an — .
2. Bhí Daidí ag — agus d'fhan sé — — .
3. Bhí tinneas cluaise ar Úna agus bhí sí ag — .
4. Chuir Mamaí fios — — — .
5. Thóg sé teocht — —

**C. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:**
fiabhras, tinneas cluaise, mála an dochtúra, an-ghnóthach, piollaí, an fliú, deoch leighis, fanacht.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cad a bhí cearr le Daidí?
2. Cén fáth a raibh Liam ag cur allais?
3. Cén fáth a raibh Úna ag caoineadh?
4. Cad a rinne an dochtúir nuair a chuaigh sé isteach i seomra Liam?
5. Cén fáth ar fhéach sé isteach i gcluais Úna?
6. Céard a dúirt an dochtúir leo?
7. Céard a rinne siad leis na piollaí?

**Gramadach 24**

1. **Mála an dochtúra.**
   siopa (an búistéir), scuab (an péintéir),
   sábh (an siúinéir), gunna (an saighdiúir.)
2. **Dúirt sé leo fanacht sa leaba.**
   (imigh, téigh, tar, éist.)